



An Bhruiséil, 5 Bealtaine 2022
(OR. en)

8792/22

VISA 79
MIGR 136
COEST 378

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	5 Bealtaine 2022
chuig:	Ardrúnaíocht na Comhairle
Ábhar:	TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN lena soláthraítear treoirlínte i ndáil le cur chun feidhme Chinneadh (AE) 2022/333 ón gComhairle an 25 Feabhra 2022 maidir le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na Rúise maidir le heisiúint víosaí do shaoránaigh an Aontais Eorpaigh agus Chónaidhm na Rúise a éascú a chur ar fionraí go páirteach agus maidir le heisiúint víosa i ndail le hiarratasóirí Rúiseacha

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2022) 3084 final.

Faoi iamh: C(2022) 3084 final



An Bhruiséil, 5.5.2022
C(2022) 3084 final

TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN

Lena soláthraítear treoirlínte i ndáil le cur chun feidhme Chinneadh (AE) 2022/333 ón gComhairle an 25 Feabhra 2022 maidir le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na Rúise maidir le heisiúint víosaí do shaoránaigh an Aontais Eorpaigh agus Chónaidhm na Rúise a éascú a chur ar fionraí go páirteach agus maidir le heisiúint víosa i ndáil le hiarratasóirí Rúiseacha

TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN

Lena soláthraítear treoirlínte i ndáil le cur chun feidhme Chinneadh (AE) 2022/333 ón gComhairle an 25 Feabhra 2022 maidir le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na Rúise maidir le heisiúint víosaí do shaoránaigh an Aontais Eorpaigh agus Chónaidhm na Rúise a éascú a chur ar fionraí go páirteach agus maidir le heisiúint víosa i ndáil le hiarratasóirí Rúiseacha

I. Réamhrá

1. An 25 Feabhra 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2022/333 ón gComhairle (an ‘Cinneadh ón gComhairle’) maidir le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na Rúise maidir le heisiúint víosaí do shaoránaigh an Aontais Eorpaigh agus Chónaidhm na Rúise a éascú a chur ar fionraí go páirteach (an ‘Comhaontú’)¹. Tháinig an Cinneadh ón gComhairle i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.
2. Tá cur chun feidhme comhchuibhithe an Chinnidh ón gComhairle ag gach Ballstát², mar aon le soiléirithe ar na nósanna imeachta agus na coinníollacha maidir le víosaí a eisiúint i gCónaidhm na Rúise, ríthábhachtach chun comhleanúnachas, soiléireacht agus trédhearcacht a áirithiú le linn an nós imeachta um víosaí maidir le saoránaigh Chónaidhm na Rúise in aon láthair chonsalach ar leith.

II. Treoirlínte maidir le cur chun feidhme an Chinnidh ón gComhairle

3. Leis an gCinneadh ón gComhairle, cuirtear ar fionraí cur i bhfeidhm forálacha áirithe den Chomhaontú³ maidir le saoránaigh Chónaidhm na Rúise atá ina gcomhaltaí de thoscaireachtaí oifigiúla Chónaidhm na Rúise, comhaltaí de Rialtais agus Parlaimintí náisiúnta agus réigiúnacha Chónaidhm na Rúise, Cúirt Bhunreachtúil Chónaidhm na Rúise agus Cúirt Uachtarach Chónaidhm na Rúise, saoránaigh Chónaidhm na Rúise a bhfuil pasanna taidhleoireachta baili acu arna n-eisiúint ag Cónaidhm na Rúise agus daoine gnó agus ionadaithe eagraíochtaí gnó.
4. Déanfar cur i bhfeidhm na bhforálacha seo a leanas den Chomhaontú a chur ar fionraí amhail ón 28 Feabhra 2022: Airteagal 4(1), pointí (a) agus (b) maidir le ‘Fianaise dhoiciméadach maidir le cuspóir an turais’, Airteagal 5(1), pointe (a), Airteagal 5(2), pointí (a) agus (b), agus Airteagal 5(3) maidir le ‘Eisiúint víosaí il-iontrála’, Airteagal 6(1) agus Airteagal 6(3), pointí (b) agus (c) maidir le ‘Táillí ar iarratais ar víosaí a phróiseáil’, Airteagal 7 maidir le ‘Fad na nósanna imeachta chun iarratais ar víosaí a phróiseáil’ agus Airteagal 11(1) maidir le ‘Pasanna taidhleoireachta’.
5. De bhun fhorálacha an Chomhaontaithe, maidir leis na catagóirí eile d’iarratasóirí ar víosa, leanfaidh siad de leas a bhaint as na héascuithe víosaí. Dá bhrí sin, ní bheidh tionchar ag an gCinneadh ón gComhairle ar ghnáthshaoránaigh Chónaidhm na Rúise, nach comhaltaí iad de thoscaireachtaí oifigiúla Chónaidhm na Rúise, agus nach comhaltaí iad de Rialtais agus Parlaimintí náisiúnta agus réigiúnacha Chónaidhm na Rúise, Cúirt Bhunreachtúil Chónaidhm na

¹ IO L 54, 25.2.2022, lgh. 1-3.

² Ós rud é go bhfuil an Comhaontú um Eisiúint Víosaí a Éascú, lena n-áirítear fionraí páirteach an Chomhaontaithe sin, infheidhme maidir leis na Ballstáit uile seachas Éire, ba cheart do na Ballstáit sin nach gcuireann *acquis* Schengen chun feidhme ina iomláine go fóill (an Bhulgáir, an Chróit, an Chipir, an Rómáin) an treoir sin a chur i bhfeidhm de réir analaí agus iarratais ar víosaí gearrfhanachta ó náisiúnaigh na Rúise á bpróiseáil acu faoina ndlí náisiúnta féin.

³ An Comhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na Rúise maidir le heisiúint víosaí do shaoránaigh an Aontais agus Chónaidhm na Rúise a éascú (IO L 129, 17.5.2007).

Rúise agus Cúirt Uachtarach Chónaidhm na Rúise, agus nach saoránaigh Chónaidhm na Rúise iad a bhfuil pasanna taidhleoireachta bailí acu arna n-eisiúint ag Cónaidhm na Rúise agus nach daoine gnó agus ionadaithe eagraíochtaí gnó iad⁴.

a) Fianaise dhoiciméadach maidir le cuspóir an turais

6. Leis an gCinneadh ón gComhairle, cuirtear ar fionraí an fhianaise dhoiciméadach simplithe maidir le cuspóir an turais atá le cur isteach ag na catagóirí saoránach de Chónaidhm na Rúise a liostaítear in Airteagal 4(1), pointí (a) agus (b) den Chomhaontú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2016) 3347 ón gCoimisiún⁵ a chur i bhfeidhm maidir leis na hiarratasóirí sin ar víosa, go háirithe pointe I. '1) Ceanglais ghinearálta' agus pointe II. 'Taisteal chun críche gnó nó oibre' a), c) agus d) (Doiciméid atá le cur isteach ag baill de thoscaireachtaí oifigiúla, fostaithe atá ag taisteal ar ghnó agus daoine féinfhostaithe)⁶.

b) Eisiúint na víosaí il-iontrála

7. Leis an gCinneadh ón gComhairle, cuirtear ar fionraí cur i bhfeidhm Airteagal 5(1) pointe (a), Airteagal 5(2), pointí (a) agus (b), agus Airteagal 5(3) den Chomhaontú, maidir le heisiúint víosaí il-iontrála.
8. I gcás na gcatagóirí d'iarratasóirí ar víosa a liostaítear sna hAirteagail thuasluaite, ba cheart víosaí il-iontrála a eisiúint i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach in Airteagal 24 den Chód Víosaí⁷. Tarraingítear aird ar Airteagal 24(2a), ina sonraítear go bhféadfar tréimhse bhailíochta na víosa a eisíodh a ghiorrú i gcásanna ar leith, nuair atá amhras réasúnta ann nach gcomhlíonfar na coinníollacha iontrála le linn na tréimhse bailíochta ina hiomláine. Níorbh fhéidir measúnú aonair a dhéanamh faoin gComhaontú ar thréimhse bhailíochta víosaí il-iontrála. Ba cheart faisnéis a mhalartú i gcomhar áitiúil Schengen chun a áirithiú go gcuirfead i bhfeidhm go comhchuibhithe na rialacha maidir le víosaí il-iontrála a eisiúint do na catagóirí iarratasóirí a chumhdaítear le fionraí páirteach an Chomhaontaithe.

c) Táillí maidir le hiarratais ar víosaí a phróiseáil

9. Leis an gCinneadh ón gComhairle, cuirtear ar fionraí tarscaoileadh na táille víosa le haghaidh catagóirí saoránach de Chónaidhm na Rúise dá dtagraítear in Airteagal 6(3), pointí (b) agus (c) den Chomhaontú (i.e. comhaltaí thoscaireachtaí oifigiúla Chónaidhm na Rúise, comhaltaí Rialtais agus Parlaimintí náisiúnta agus réigiúnacha Chónaidhm na Rúise, Cúirt Bhunreachtúil Chónaidhm na Rúise agus Cúirt Uachtarach Chónaidhm na Rúise).
10. Leis an gCinneadh ón gComhairle, cuirtear ar fionraí freisin cur i bhfeidhm Airteagal 6(1) den Chomhaontú maidir le táille EUR 35 ar víosa i ndáil leis na catagóirí de saoránaigh Chónaidhm na Rúise dá dtagraítear in Airteagal 4(1), pointe (b), Airteagal 6(3), pointí (b) agus (c) agus Airteagal 11(1) den Chomhaontú (i.e. comhaltaí de thoscaireachtaí oifigiúla Chónaidhm na Rúise, comhaltaí de Rialtais agus Parlaimintí náisiúnta agus réigiúnacha Chónaidhm na Rúise,

⁴ Mar shampla, saoránaigh Rúiseacha atá ag taisteal mar oibrithe iompair (lena n-áirítear maraithe) nó oibrithe séasúracha gearthéarmacha, nach bhfuil cumhdaithe ag Airteagail an Chomhaontaithe atá curtha ar fionraí, leanann siad de leas a bhaint as na héascuithe dá bhforáiltear leis an gComhaontú.

⁵ Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún an 6.6.2016 lena mbunaítear an liosta de dhoiciméid tacaíochta atá le cur ar fáil ag iarratasóirí ar víosaí san Iaráin, san Iaráic agus i gCónaidhm na Rúise, C(2016) 3347 final.

⁶ Iarscríbhinní a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún an 6.6.2016 lena mbunaítear an liosta de dhoiciméid tacaíochta atá le cur ar fáil ag iarratasóirí ar víosaí san Iaráin, san Iaráic agus i gCónaidhm na Rúise, C(2016) 3374 final.

⁷ Rialachán (CE) 810/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 lena mbunaítear Cód Comhphobail maidir le Víosaí (IO L 243, 15.9.2009, lch. 1).

Cúirt Bhunreachtúil Chónaidhm na Rúise agus Cúirt Uachtarach Chónaidhm na Rúise, saoránaigh Chónaidhm na Rúise a bhfuil pasanna taidhleoireachta bailí acu arna n-eisiúint ag Cónaidhm na Rúise agus daoine gnó agus ionadaithe eagraíochtaí gnó).

11. I gcás na gcatagóirí sin d'iarratasóirí ar víosa, ba cheart do na Ballstáit táille EUR 80 ar víosa a ghearradh i gcomhréir le hAirteagal 16 den Chód Víosáí.

d) Fad na nósanna imeachta chun iarratais ar víosaí a phróiseáil

12. Leis an gCinneadh ón gComhairle, cuirtear ar fionraí cur i bhfeidhm Airteagal 7 den Chomhaontú maidir leis na catagóirí d'iarratasóirí ar víosa, saoránaigh Chónaidhm na Rúise, dá dtagraítear in Airteagal 4(1), pointí (a) agus (b), Airteagal 6(3) pointí (b) agus (c) agus Airteagal 11(1) den Chomhaontú sin.
13. I gcás na gcatagóirí sin d'iarratasóirí ar víosa, ba cheart cinneadh a dhéanamh maidir leis an iarratas i gcomhréir le hAirteagal 23 den Chód Víosáí, i.e. laistigh de 15 lá de ghnáth. Dá bhrí sin, tá níos mó ama ag consalachtaí chun measúnú a dhéanamh ar iarratais i gcomparáid leis an 10 lá a shonraítear sa Chomhaontú mar am próiseála.

e) Pasanna taidhleoireachta

14. Leis an gCinneadh ón gComhairle, cuirtear ar fionraí tarscaoileadh víosaí le haghaidh shaoránaigh Chónaidhm na Rúise a bhfuil pasanna taidhleoireachta bailí acu arna n-eisiúint ag Cónaidhm na Rúise dá bhforáiltear in Airteagal 11(1) den Chomhaontú.
15. Ba cheart do shaoránaigh Chónaidhm na Rúise a bhfuil pasanna taidhleoireachta bailí acu arna n-eisiúint ag Cónaidhm na Rúise iarratas a dhéanamh ar víosa i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach sa Chód Víosáí. Ba cheart aitheantóirí bithmhéadracha a bhailiú i gcomhréir le hAirteagal 13 den Chód Víosáí agus ba cheart tacar iomlán de dhoiciméid tacaíochta a thíolacadh. Ba cheart táille EUR 80 ar víosa a ghearradh.

III. Éascuithe ar víosaí a fhanfaidh i bhfeidhm agus forálacha eile

16. Leis an gCinneadh ón gComhairle, ní chuirtear ar fionraí cur i bhfeidhm fhorálacha sin an Chomhaontaithe lena bhforáiltear éascuithe víosaí do chatagóirí áirithe saoránach de Chónaidhm na Rúise atá ag cur isteach ar víosa, eadhon: tiománaithe atá ag iompair lasta idirnáisiúnta agus seirbhísí iompair paisinéirí, baill d'fhoirne traenach, cuisneora agus innill ghluaiسته i dtraenacha idirnáisiúnta, daoine atá ag glacadh páirt i ngníomhaíochtaí eolaíochta, cultúrtha agus ealaíne, daltaí, mic léinn, mic léinn iarchéime agus múinteoirí a bheidh á dtionlacan, iriseoirí nó rannpháirtithe in imeachtaí spóirt idirnáisiúnta agus daoine a bheidh á dtionlacan i gcáil ghairmiúil, rannpháirtithe i gcláir malartaithe oifigiúla arna n-eagrú ag cathracha cúplacha, garghaolta, daoine faoi mhíchumas agus an duine a bheidh á dtionlacan.
17. Foráiltear le hAirteagal 6(3), pointe (f) den Chomhaontú, nach bhfuil curtha ar fionraí, go dtarscaoilfear táillí chun an t-iarratas ar víosa a phróiseáil i gcás daoine a chuir doiciméid ar fáil a chruthaíonn gur gá dóibh taisteal ar fhorais dhaonnúla, lena n-áirítear chun cóir leighis phráinneach a fháil agus an duine a bheidh á thionlacan, nó chun freastal ar shochraid garghaol, nó chun cuairt a thabhairt ar gharghaol atá go dona tinn. I gcásanna eile nach gcumhdaítear le hAirteagal 6(3), pointe (f) den Chomhaontú, féadfar méid na táille ar víosaí a mhuirearófar a tharscaoileadh nó a laghdú, i gcomhréir le hAirteagal 16(6) den Chód Víosáí, nuair a fhónann déanamh amhlaidh chun leasanna cultúrtha nó spóirt, leasanna i réimse an bheartais eachtraigh,

an bheartais forbartha agus i réimsí eile a bhfuil leas poiblí ríthábhachtach ag gabháil leo a chur chun cinn, nó de bharr oibleagáidí idirnáisiúnta⁸.

18. Tá feidhm fós ag na rialacha a leagtar amach i dTreoir 2004/38/CE⁹ maidir le cearta shaoránaigh an Aontais agus ag baill dá dteaghlaigh gluaiseacht faoi shaoirse agus cónaí ar chríoch na mBallstát¹⁰.

IV. Treoirlínte maidir le heisiúint ghinearálta víosaí i ndáil le hiarratasóirí Rúiseacha

a) An Ballstát inniúil agus inniúlacht chríochach chonsalach maidir le hiarratais ar víosaí a scrúdú

19. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar rialacha inniúlachta Airteagail 5 agus 6 den Chód Víosaí a scrúdú agus a chur i bhfeidhm i gceart maidir le gach iarratas ar víosa. Tá treoir maidir leis an méid sin i gCuid II, Caibidil 1 de Lámhleabhar I an Chóid Víosaí¹¹. Sa chás nach bhfuil an Ballstát a fuair an t-iarratas inniúil chun déileáil leis, ba cheart an t-iarratas iomlán agus na doiciméid tacaíochta uile a chur ar ais agus an táille víosa a aisíoc. Ba cheart an t-iarratasóir a atreorú chuig consalacht an Bhallstáit inniúil chun siopadóireacht víosaí idir consalachtaí éagsúla a sheachaint.

20. De bhun Airteagal 6 den Chód Víosaí, níor cheart ach consalacht an Bhallstáit inniúil, ar ina dháil a bhfuil cónaí ar an iarratasóir go dleathach, na hiarratais a scrúdú. Dá bhrí sin, níor cheart go nglacfaid na Ballstáit go rialta le hiarratais ar víosaí ó shaoránaigh Chónaidhm na Rúise atá i dtríú tír, amhail an tSeirbia, an Tuirc nó Aontas na nÉimíróchtaí Arabacha, le haghaidh gearrfhanachta nó chun críoch idirthurais. Ba cheart na hiarratasóirí sin a dhíriú chuig an gconsalacht atá inniúil maidir lena n-áit chónaithe, i gCónaidhm na Rúise de ghnáth. Féadfar eisceachtaí a dhéanamh ar bhonn Airteagal 6(2) den Chód Víosaí agus ar bhonn na treorach atá i Lámhleabhar I an Chóid Víosaí, Cuid II, roinn 1.8, go háirithe i gcásanna cruatain agus ar chúiseanna daonnúla.

b) Measúnú ar iarratais ar víosaí arna dtaisceadh ag saoránaigh Chónaidhm na Rúise nó sa Rúis

21. I bhfianaise na staid slándála atá ann faoi láthair, tá sé tábhachtach go bhfíoróidh consalachtaí go mion an bhféadfaí a mheas iarratasóirí a bheith ina mbagairt ar bheartas poiblí, ar shlándáil inmheánach nó ar chaidreamh idirnáisiúnta aon cheann de na Ballstáit, agus sa chás sin ba cheart an víosa a dhiúltú. Ba cheart a fhíorú i gCóras Faisnéise Schengen (SIS) an duine é an t-iarratasóir a bhfuil foláireamh eisithe ina leith ar mhaithe le hiontráil a dhiúltú dó. I bhfianaise an chomhthéacs íogair slándála atá ann faoi láthair, más féidir agus i gcás ina bhfuil amhras ann, moltar do chonsalachtaí a bheith airdeallach, mar shampla trí bhunachair sonraí náisiúnta agus Interpol agus SIS a cheadú, i gcomhréir le reachtaíocht náisiúnta gach Ballstáit. Thairis sin, ba

⁸ I gcomhréir le hAirteagal 19(4) den Chód Víosaí, féadfar a mheas go bhfuil iarratas ar víosa nach gcomhlíonann na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 19(1) den Chód Víosaí inghlactha ar fhorais dhaonnúla, ar chúiseanna leasa náisiúnta nó de bharr oibleagáidí idirnáisiúnta.

⁹ Treoir 2004/38/CE an 29 Aibreán 2004 maidir le cearta shaoránaigh an Aontais agus ag baill dá dteaghlaigh gluaiseacht faoi shaoirse ar chríoch na mBallstát (IO L 158, 30.4.2004, lch. 77).

¹⁰ Go háirithe, meastar gur srian ar shaorghluaiseacht é diúltú víosa i gcás tairbhí saorghluaiseachta. Dá bhrí sin, ní mór dó ceanglais Chaibidil VI de Threoir 2004/38/CE a chomhlíonadh, go háirithe na coimircí nós imeachta a leagtar amach sa Chaibidil seo.

¹¹ Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2020) 395 ón gCoimisiún an 28.1.2020 lena leasaítear Cinneadh C(2010) 1620 final ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le hionadú a dhéanamh ar an Lámhleabhar chun iarratais ar víosaí a phróiseáil agus chun víosaí a eisíodh a mhodhnú (Lámhleabhar I an Chóid Víosaí).

cheart do chonsalachtaí cuimhneamh air nach mór do roinnt Ballstát dul i gcomhairle lena n-údaráis lárnacha agus gach iarratas a thaisceann saoránaigh Chónaidhm na Rúise á scrúdú, i gcomhréir le hAirteagal 22 den Chód Víosáí.

22. I bhfianaise na staid eacnamaíche agus polaitiúla atá ann faoi láthair sa Rúis, ba cheart do na Ballstáit aird ar leith a thabhairt ar an measúnú a dhéantar chun a fháil amach an riosca do shlándáil na mBallstát é an t-iarratasóir agus cinneadh a dhéanamh i dtaobh an gcomhlíontar na coinníollacha iontrála, i gcomhréir le hAirteagal 21 den Chód Víosáí agus an treoir atá i Lámhleabhar I an Chóid Víosáí, Cuid II, Caibidil 6. Go háirithe, ba cheart na gnéithe seo a leanas a mheas:
- i. **Árachas liachta taistil:** Is í an chonsalacht atá freagrach as a chinneadh an bhfuil an t-árachas a chuireann an t-iarratasóir ar fáil leordhóthanach i gcomhréir le hAirteagal 15 den Chód Víosáí. Tarraingítear aird ar fhorálacha Airteagal 15(5), lena gceanglaítear ar chonsalachtaí a fháil amach an mbeadh éilimh i gcoinne na cuideachta árachais inghnóthaithe i mBallstát. I gcás polasaithe arna n-eisiúint ag árachóirí Rúiseacha, d'fhéadfaí a mheas nach leor an t-árachas sin mar gheall ar bhearta sriantacha an Aontais atá i bhfeidhm faoi láthair. I gcásanna den sórt sin, féadfaidh na Ballstáit a cheangal ar iarratasóirí polasaithe árachais liachta taistil arna n-eisiúint ag árachóirí lasmuigh de Chónaidhm na Rúise a chur ar fáil.
 - ii. **Déanamh amach an gcomhlíonann an t-iarratasóir na coinníollacha iontrála agus an féidir a bheith ag súil leis go ndéanfaidh sé amhlaidh le linn thréimhse iomlán na tréimhse bailíochta atá beartaithe don víosa:** an éagobhsaíocht eacnamaíoch, na bearta sriantacha agus na forbairtí polaitiúla sa Rúis, d'fhéadfadh siad an dóchúlacht nach gcomhlíonfaidh iarratasóirí coinníollacha iontrála a thuilleadh a mhéadú. I gcásanna den sórt sin, ba cheart breithniú a dhéanamh ar víosaí a bhfuil bailíocht níos giorra acu agus/nó víosaí dul isteach aonuaire a eisiúint in ionad víosaí il-iontrála. Tarraingítear aird ar Airteagal 24(2a) den Chód Víosáí, lena bhforáiltear go bhféadfar tréimhse bhailíochta na víosa a eisíodh a ghiorrú ar bhonn cás ar chás, nuair atá amhras réasúnta ann nach gcomhlíonfar na coinníollacha iontrála le linn na tréimhse ina hiomláine. Leanfaidh Airteagal 5(1), pointe (b), Airteagal 5(2), pointí (c) go (h), agus Airteagal 5(3) den Chomhaontú d'fheidhm a bheith acu.
 - iii. **Measúnú a dhéanamh ar rún an iarratasóra críoch na mBallstát a fhágáil sula rachaidh an víosa a mbeidh iarratas á dhéanamh air in éag, mar a leagtar síos in Airteagal 21(1) den Chód Víosáí, gan dochar don fhéidearthacht víosa a eisiúint a bhfuil bailíocht chríochach theoranta aige ar fhorais dhaonnúla:** d'fhéadfadh an staid reatha sa Rúis cur leis an dóchúlacht go bhfanfaidh iarratasóirí rófhada san Aontas. I gcásanna ina bhfuil amhras ann faoi rún an iarratasóra críoch na mBallstát a fhágáil, ba cheart an víosa a dhiúltú, mura rud é go measann an Ballstát lena mbaineann gur gá víosa a eisiúint (e.g. ar fhorais dhaonnúla). Sa chás sin, ní mór víosa a bhfuil bailíocht chríochach theoranta aige a eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 25 den Chód Víosáí.
 - iv. **Measúnú a dhéanamh féachaint an bhfuil cóir mhaireachtála leordhóthanach ag an iarratasóir:** is féidir a bheith ag súil leis nach mbeidh iarratasóirí a bhfuil cónaí orthu sa Rúis in ann cártaí creidmheasa nó cártaí íocaíochta idirnáisiúnta a úsáid a thuilleadh agus iad ag taisteal san Aontas. Mar sin, tá amhras ann go mbeidh cóir mhaireachtála leordhóthanach acu, go háirithe agus a gcuid sócmhainní i gcuntais banc nó cuntais eintiteas eile atá faoi réir bhearta sriantacha an Aontais. I gcásanna den sórt sin, féadfaidh cruthúnas ar urraíocht agus/nó ar chóiríocht phríobháideach a bheith ina fhianaise ar chóir leordhóthanach mhaireachtála i gcomhréir le hAirteagal 21(5) den Chód Víosáí.

- v. **Agus measúnú á dhéanamh acu ar iarratas ar víosa**, ba cheart do na consalachtaí a chur san áireamh an bhfuil baint ag na hiarratasóirí le daoine nó le heintitis atá faoi réir bearta sriantacha an Aontais i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. D'fhéadfaí a mheas ar cheart an víosa a dhiúltú ar bhonn Airteagal 32(1)(a)(vi) den Chód Víosáí. I gcásanna amhrais, is uirlis é an Léarscáil de Smachtbhannaí an Aontais¹² lenar féidir treoir a thabhairt maidir le liosta iomlán daoine agus eintiteas atá faoi réir bhearta sriantacha an Aontais.
23. Moltar do na Ballstáit faisnéis a mhalartú i gcomhthéacs chomhar áitiúil Schengen chun cur chuige comhchuibhithe a áirithiú, a mhéid is féidir agus i gcomhréir le hAirteagal 48(1) den Chód Víosáí, maidir le hiarratais ar víosaí arna gcur isteach sa Rúis a scrúdú. Tugtar chun suntais an treoraíocht atá i gCuid II den Lámhleabhar maidir le Cód Víosáí II¹³, go háirithe maidir leis an ról atá ag comhar áitiúil Schengen i measúnú a dhéanamh ar tháirgí árachais liachta taistil atá ar fáil.
24. Má chinneann consalachtaí víosaí a eisiúint do shaoránaigh Chónaidhm na Rúise, ba cheart, i bprionsabal, víosaí aonfhoirmeacha a bheith iontu atá bailí do Stáit Schengen uile. Níor cheart víosaí a bhfuil bailíocht chríochach teoranta acu a eisiúint ach amháin sna cásanna a áirítear in Airteagal 25(1) agus (3) den Chód Víosáí, i.e. i gcás ina n-eisítear víosa cé nach bhfuil na coinníollacha iontrála á gcomhlíonadh, d'ainneoin agóid a bheith déanta ag Ballstát eile i gcomhairliúchán roimh ré, ar chúiseanna práinne i gcás nach bhféadfaí réamhchomhairliúchán a dhéanamh, i gcás inar raibh an t-iarratasóir ag fanacht ar feadh 90 lá cheanna féin in aon tréimhse 180 lá, nó i gcás nach n-aithníonn na Ballstáit uile doiciméad taistil an iarratasóra.
25. Na breithnithe thuas i ndáil le measúnú ar iarratais ar víosaí, tá siad **gan dochar d'airteagail den Chód Víosáí ina bhfuil maolú ar fhorálacha maidir le víosa a eisiúint ar fhorais dhaonnúla, ar chúiseanna leasa náisiúnta nó de bharr oibleagáidí idirnáisiúnta**, amhail Airteagal 16(6) (ar choinníoll go bhféadfar, i gcásanna aonair, méid na táille víosa atá le gearradh a tharscaoileadh nó a laghdú), Airteagal 19(4) (lena gceadaítear iarratais nach gcomhlíonann na ceanglais a mheastar a bheith inghlactha) nó Airteagal 25(1) den Chód Víosáí (víosa a eisiúint a bhfuil bailíocht chríochach teoranta aici cé nach bhfuil na coinníollacha iontrála á gcomhlíonadh). Tá sé sin ábhartha, mar shampla, i gcás iarratais ar víosaí ó easaontaigh, ó iriseoirí neamhspleácha, ó chosantóirí chearta an duine agus ó ionadaithe eagraíochtaí na sochaí sibhialta nach bhfuil faoi rialú Rialtas Chónaidhm na Rúise mar aon le gar-bhaill teaghlaigh na ndaoine sin.

c) Athmheasúnú ar víosaí il-iontrála atá i seilbh shaoránaigh Chónaidhm na Rúise faoi bhearta sriantacha an Aontais

26. Glacadh bearta sriantacha¹⁴ maidir le toirmeasc a chur ar shaoránaigh de chuid Chónaidhm na Rúise teacht isteach nó idirthuras a dhéanamh trí chríocha na mBallstát. Sa chomhthéacs sin, tá

¹² <https://www.sanctionsmap.eu>;
<https://data.europa.eu/data/datasets/consolidated-list-of-persons-groups-and-entities-subject-to-eu-financial-sanctions?locale=en>

¹³ Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2020) 1764 ón gCoimisiún an 25.3.2020 lena mbunaítear an Lámhleabhar chun bainistiú riaracháin a dhéanamh ar phróiseáil víosaí agus ar chomhar áitiúil Schengen (Lámhleabhar Cód Víosáí II) agus lena n-aisghairtear Cinneadh C(2010) 3667 ón gCoimisiún.

¹⁴ Féach go háirithe: Cinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle an 17 Márta 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin, IO L 078, 17.3.2014, lch. 16.; Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle an 17 Márta 2014 maidir le bearta sriantacha i ndáil

foláirimh i gCóras Faisnéise Schengen (SIS) maidir leis na saoránaigh sin atá faoi réir bearta sriantacha an Aontais, saoránaigh a bhfuil toirmeasc orthu teacht isteach i Limistéar Schengen nó fanacht ann. Víosáí a eisíodh do na saoránaigh sin roimh theacht i bhfeidhm an toirmisc taistil agus atá fós bailí, ba cheart do na Ballstáit iad a chúlghairm toisc nach bhfuil na coinníollacha maidir lena n-eisiúint á gcomhlíonadh a thuilleadh, i gcomhréir le hAirteagal 34(2) agus le hAirteagal 21(3)c den Chód Víosáí. Ní mór faisnéis faoi víosa a cúlghaireadh a iontráil sa Chóras Faisnéise Víosáí (VIS) i gcomhréir le hAirteagal 13 de Rialachán VIS¹⁵. Ba cheart fógra a thabhairt don sealbhóir víosa faoin gcúlghairm sin i gcomhréir le hAirteagal 34(6) den Chód Víosáí.

d) Cur chuige comhchoiteann maidir le neamhaithint pasanna Rúiseacha

27. Meabhraítear do na Ballstáit gur eisigh an Coimisiún agus an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí ‘Treoirlínte do chonsalachtaí na mBallstát san Úcráin agus i gCónaidhm na Rúise maidir le hiarratais ar víosaí Schengen ó chónaitheoirí na Crimé a thaisceadh’¹⁶ in 2014. Sonraítear sna Treoirlínte thuasluaite gur cheart do na Ballstáit leanúint de na rialacha maidir le hiarratais ar víosaí a chur i bhfeidhm tar éis na hionghabhála neamhdhleathaí a rinneadh ar leithinis na Crimé¹⁷. Thairis sin, in 2019, d’ullmhaigh an Coimisiún agus an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí ‘Treoir do na Ballstáit agus do chonsalachtaí Thíortha Comhlachaithe Schengen i gCónaidhm na Rúise agus san Úcráin maidir leis an mbealach le hiarratais ar víosaí a láimhseáil arna dtaisceadh ag cónaitheoirí i réigiúin Donetsk agus Luhansk na hÚcráine a bhfuil gnáthphasanna idirnáisiúnta de chuid na Rúise acu, ar pasanna iad a eisíodh tar éis an 24 Aibreán 2019’¹⁸.
28. Tá sé ríthábhachtach go mbeadh cur chuige comhchoiteann ann i ndáil le neamhaithint pasanna idirnáisiúnta de chuid na Rúise a eisítear do chónaitheoirí i gcúigí Donetsk agus Luhansk na hÚcráine, ar limistéir iad nach bhfuil faoi rialú rialtais, agus i ndáil le hiarratais ar víosaí a láimhseáil¹⁹.
29. D’ainneoin gur inniúlacht eisiach de chuid na mBallstát é doiciméid taistil a aithint, ní mór aon chinneadh maidir le neamhaithint a dhéanfaidh na Ballstáit a chur in iúl don Choimisiún i gcomhréir le Cinneadh 1105/2011²⁰. Cuirtear liosta na ndoiciméad taistil ar fáil don phobal agus nuashonraíonn an Coimisiún é go rialta.

e) Comhaontuithe déthaobhacha maidir le tarscaoileadh víosaí atá i bhfeidhm le Cónaidhm na Rúise

le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin

¹⁵ Rialachán (AE) 2021/1133 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 603/2013, (AE) 2016/794, (AE) 2018/1862, (AE) 2019/816 agus (AE) 2019/818 a mhéid a bhaineann leis na coinníollacha a bhunú chun rochtain a fháil ar chórais faisnéise AE eile chun críocha an Chórais Faisnéise Víosáí, IO L 248, 13.7.2021, lgh. 1-10.

¹⁶ Tag. Ares(2018)4486914 - 31/08/2018.

¹⁷ An Chomhairle Eorpach, Ráiteas ó na Ceannairí Stáit nó Rialtais maidir leis an Úcráin, an 6 Márta 2014; Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Úcráin, an 23 Meitheamh 2014 (<https://www.consilium.europa.eu/media/28028/143341.pdf>).

¹⁸ Tag. Ares(2019)6078814 - 01/10/2019.

¹⁹ Conclúidí ón gComhairle Eorpach (an 20 Meitheamh 2019); EUCO 9/19; agus an Úcráin: Dearbhú ón Ardionadaí thar ceann an Aontais Eorpaigh maidir le cinntí Chónaidhm na Rúise lena mbaintear an bonn a thuilleadh de cheannasacht agus d’iomláine chríochach na hÚcráine, an 22 Feabhra 2022.

²⁰ Cinneadh Uimh. 1105/2011/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir leis an liosta de dhoiciméid taistil a thugann teideal don sealbhóir na teorainneacha seachtracha a thrasnú agus ar doiciméid iad a fhéadfar a fhorghníú le víosa, agus maidir le sásra a chur ar bun chun an liosta sin a bhunú, IO L 287, 4.11.2011, lgh. 9-12.

30. Leis an Rialachán maidir le Víosáí²¹ leagtar síos liosta coiteann de thríú tíortha nach mór dá saoránaigh víosa a bheith ina seilbh acu agus iad ag trasnú teorainneacha seachtracha an Aontais, mar aon le liosta de na tíortha a bhfuil a saoránaigh díolmhaithe ón gceanglas sin. Leagtar amach na liostaí sin in iarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán maidir le Víosáí.
31. Ina theannta sin, sonraítear in Airteagal 6(1), pointe (a) den Rialachán maidir le Víosáí go bhféadfaidh Ballstát ‘foráil a dhéanamh maidir le heisceachtaí ón gceanglas víosa [...] i gcás na ndaoine seo a leanas: (a) sealbhóirí pasanna taidhleoireachta, pasanna seirbhíse/oifigiúla nó pasanna speisialta.’ I gcomhréir le hAirteagal 12, ní mór do na Ballstáit na bearta a dhéanann siad de bhun Airteagal 6 den Rialachán maidir le Víosáí a chur in iúl, agus foilsíonn an Coimisiún na bearta sin ar mhaithe le faisnéis.
32. Ionas go mbeidh éifeacht leis an gCinneadh ón gComhairle maidir le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe a chur ar fionraí go páirteach, ba cheart do na Ballstáit freisin comhaontuithe déthaobhacha maidir le tarscaoileadh víosaí le Cónaidhm na Rúise a chur ar fionraí, ar comhaontuithe iad lena bhforáiltear maidir le taisteal gan víosa do shealbhóirí pasanna seirbhíse agus speisialta de chuid Chónaidhm na Rúise.
33. Áiritheoidh na Ballstáit cur i bhfeidhm agus éifeachtacht bhearta sriantacha an Aontais fiú nuair a bheidh feidhm ag comhaontuithe déthaobhacha maidir le tarscaoileadh víosaí le Cónaidhm na Rúise.

V. Cur chun feidhme agus faisnéis don phobal

34. Is é is aidhm do na treoirlínte oibríochtúla sin cúnaimh a thabhairt do na Ballstáit agus iad ag déileáil le gach iarratas a dhéanann saoránaigh de chuid Chónaidhm na Rúise a thaisceadh ar iarratais iad lena mbaineann fionraí páirteach an Chomhaontaithe, gan beann ar a n-áit chónaithe.
35. Is faoi údaráis lárnacha na mBallstát a bheadh sé na treoirlínte sin a roinnt lena n-ionadaithe consalachta uile ar fud an domhain.
36. Is iad na Ballstáit a bheidh freagrach i gcónaí as an bpobal a chur ar an eolas faoi fhionraí páirteach an Chomhaontaithe, cf. an Cód Víosáí, Airteagal 47(1).

VI. Obair leantach ag an gcomhar áitiúil Schengen

37. I gcomhréir le hAirteagal 48(1) den Chód Víosáí, ba cheart do na Ballstáit, faoi chomhordú Thoscaireacht an Aontais laistigh den chomhar áitiúil Schengen, faisnéis a mhalartú go rialta maidir le cur chun feidhme na dtreoirlínte sin agus faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm ceart na n-athruithe a eascraíonn as fionraí páirteach an Chomhaontaithe um Eisiúint Víosáí a Éascú, i gcás inarb ábhartha. Ba cheart tuarascálacha ar chruinnithe a bhaineann le cur chun feidhme na dtreoirlínte sin a roinnt le húdaráis víosaí lárnacha na mBallstát, i gcomhréir le hAirteagal 48(5) den Chód Víosáí, mar aon lena roinnt leis an gCoimisiún.

²¹ Rialachán (AE) 2018/1806 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 lena liostaítear na tríú tíortha a mbeidh ar a náisiúnaigh víosaí a bheith ina seilbh acu ar thrasnú teorainneacha seachtracha dóibh agus lena liostaítear na tríú tíortha a mbeidh a náisiúnaigh díolmhaithe ón gceanglas sin, IO L 303, 28.11.2018, lgh. 39-58.